

AN CORR SGRÉACHÓG AGUS AN GIRRFHIADH

Bhí an Gírrfhiadh agus an Corr Sgréachóg pósta le chéile. Bhí sparán airgid ag an nGírrfhiadh agus thug sé don Chorr Éisg é le aire a thabhairt dhó. Chuir an Chorr Sgréachóg an sparán i dtaisce faoi na muineál. Lá a raibh sí ar bhrúach na habhann chonnaic sí breac thíos fúithe. Shíl sí an breac a bhualadh le n-a gob, agus leis an streachaillt a bhain sí as a muineál thuit an sparán isteach san abhainn agus d'imthigh sé leis an sruth nó thuit sé isteach i bpoll i gcaoi nach bhfuair an Chorr Sgréachóg aríst é. Bhí fiachaí ar an nGírrfhiadh agus níor fhéad sé iad a íoc nuair a bhí an sparán caillte. Tháinig lucht na bhfiachaí dhá n-iarraidh agus rith an Gírrfhiadh uatha. Chuir siadsan fiadhach air agus tá siad ag fiadhach an Ghírrfhiadh ó shoin agus tá seisean ag rith i gcomhnaidhe. Sin é an fáth go mbíonn an gírrfhiadh ag rith i gcomhnaidhe ó na fiadhaidhthe. Agus bíonn an chorr scéachóg i gcomhnaidhe ag imtheacht le brúach na habhann ag cuartú an sparáin a chaill sí.

Mícheál Breathnach

18/8/34

(D'ath-sgríobhas an sgéilín seo ón gcéad sgríbhinn a rinneas le peannluaidhe)